AN BORD PARÚIL TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

Clár na nÁbhar

1	Brollach ón gCathaoirleach
2	Réamhrá
3	Comhaltacht an Bhoird

Aguisíní

A(i)	Cásanna a Atreoraíodh in 2014
A(ii)	Cásanna a Atreoraíodh – Comparáid Bhliantúil
B(i)	Riar Cásanna 2014
B(ii)	Cásanna a Atreoraíodh – Comparáid Bhliantúil
C(i)	Agallaimh le Príosúnaigh 2014
C(ii)	Agallaimh le Príosúnaigh – Comparáid Bhliantúil
D(i)	Anailís Chiona 2014
D(ii)	Anailís Chiona – Comparáid Bhliantúil
E(i)	Anailís ar Fhad Pianbhreitheanna 2014
E(ii)	Anailís ar Fhad Pianbhreitheanna – Comparáid Bhliantúil
F(i)	Moltaí an Bhoird Pharúil 2014
F(ii)	Moltaí an Bhoird Pharúil – Comparáid Bhliantúil

Réamhrá an Chathaoirligh

Réamhrá:

Tar éis dom fónamh mar Chathaoirleach an Bhoird Pharúil ar feadh breis agus ceithre bliana, is deas liom go bhfuil feabhsúcháin déanta againn ar na nósanna imeachta a leagtar amach thíos. Táim feasach, chomh maith leis sin, gur dócha go bhfoilseofar reachtaíocht nua a bhaineann leis an mBord Parúil sna chéad chúpla bliain eile nó mar sin de, agus chuirfinn fáilte roimh an deis a thabhairt don Bhord Parúil chun aighneachtaí a dhéanamh i dtaca leis an reachtaíocht nua seo.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí in 2014

Is mian liom béim a leagan ar an dul chun cinn agus na feabhsúcháin a leanas a rinneadh ar obair an Bhoird Pharúil in 2014:

1. Bíonn a n-athbhreithniú parúil anois ag tromlach mór na gciontóirí, go tráthúil, nó laistigh de shé mhí tar éis a ndáta incháilitheachta.
2. Mar thoradh ar ár n-aighneachtaí le Seirbhís Príosún na hÉireann a rinneadh roimhe seo, tá Oifigigh Idirchaidrimh Pharúil (OIPanna) ceaptha anois i ngach príosún. Déanann siad idirchaidreamh idir na príosúnaigh agus an Bord Parúil agus cabhraíonn siad le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus chun aon saincheisteanna a thagann chun solais a réiteach.
3. Chuireamar lá oiliúna ar siúl do Chomhaltaí Boird i Samhain na bliana seo caite. I rith an lae, labhair Gareth Noble, Aturnae, faoin eispéireas a bhí aige den chóras ceartais choiriúil. Thug Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Príosún na hÉireann, roghanna pobalbhunaithe chun solais ar an bpríosún. Anuas air sin, mhol sé, go hidéalach, gur cheart príosúnaigh a bhfuil pianbhreith saoil acu a chur chuig príosúin oscailte nuair atá siad réidh faoina choinne agus nár cheart don líon blianta a chaith príosúnach bheith ar an toisc aonair chinntitheach. Labhair Anne Fenton, an Coimisinéir Parúil i dTuaisceart Éireann, faoi pharúl i dTuaisceart Éireann. Labhair Serena Bennett, Abhcóide, ar Threoir Eorpach maidir le hÍospartaigh. Tá an Bord fíor-bhuíoch de na cainteoirí uile seo.
4. Rinne an Bord a leabhrán faisnéis do phríosúnaigh a nuashonrú.
5. Thugamar cuairt ar 4 phríosún in 2014. Bealach áisiúil iad na cuairteanna seo chun príosúnaigh a dhreasú chun páirt a ghlacadh i gcláir theiripeacha agus athshlánaithe, sa chás gur féidir, ón tráth a thagann chun an phríosúin den chéad uair. Chomh maith leis sin, rinneamar plé ar an bpróiseas parúil leis na príosúnaigh agus d'fhreagraíomar aon cheisteanna a bhí acu.

An tAthbhreithniú Straitéiseach ar an Tuarascáil ar Bheartas Pionósach

Foilsíodh an t-athbhreithniú seo i Meán Fómhair 2014. I ndiaidh moltaí sa tuarascáil, d'fhógair an tAire Frances Fitzgerald, T.D., go mbeartaíonn an rialtas chun an Bord

Parúil a leagan ar bhonn reachtúil agus chun saincheist ionadaí íospartaigh ar an mBord a fhiosrú. Mhol an grúpa athbhreithnithe seo, chomh maith leis sin, foráil chuí d'ionadaíocht a dhéanamh do phríosúnaigh sa phróiseas parúil. Tacaím leis na tuairimí uile seo.

Príosúnaigh Phianbhreith Saoil

Baineann an chuid is mó dár n-athbhreithnithe le príosúnaigh a bhfuil pianbhreith saoil acu sa phríosún. Teastaíonn an chéad athbhreithniú a dhéanamh i ndiaidh seacht mbliana. Sách minic, bíonn an dealramh air nach ndearna go leor príosúnaigh phianbhreith saoil ach beagán obair theiripeach nó obair theiripeach ar bith sula ndéantar a gcéad athbhreithniú. Anuas air sin, bíonn saincheisteanna tromchúiseacha síceolaíocha/meabhairshláinte ar go leor príosúnaigh phianbhreith saoil. Ar a laghad, mholfainn go ndéanfadh dochtúir, altra nó síceolaí cuí measúnú ar riachtanais shíceolaíocha phríosúnaigh i gcaitheamh a gcéad bhliain phríosúnachta, más ann dóibh, a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ó phríosúnach aonair. San fhadtéarma, d'fhéadfadh seo tionchar saincheisteanna meabhairshláinte do dhuine aonair a laghdú agus féadfaidh sé cabhrú le hathshlánú an chiontóra.

Is gnách go gcaitheann príosúnaigh phianbhreith saoil 17 nó 18 mbliana, ar an meán, sa phríosún sula dtugtar parúl dóibh. Sular féidir leis an mBord na ciontóirí siúd a mholadh le haghaidh parúil, tá sé ríthábhachtach gur chríochnaigh siad gach ceann de na cláir theiripeacha agus athshlánaithe a mholtar. Ina theannta sin, ba cheart don tSeirbhís Síceolaíochta/Phromhaidh agus más féidir, an Coiste Athbhreithnithe an Phríosúin, a chur in iúl má tá baol íseal ann go ndéanfaidh an ciontóir sin athchiontú. Ní féidir leis an mBord Parúil a mholadh riamh má tá dóchúlacht mheasartha ann go bhféadfaidh duine aonair athchiontú a dhéanamh, mar gheall gur ról ríthábhachtach den Bhord Parúil is ea cosaint na sochaí. Tá thart ar 70 príosúnach pianbhreith saoil ann, áfach, atá ina gcónaí ar ais sa phobal ar bhonn lánaimseartha agus nach bhfuil coireanna á ndéanamh acu. Cruthaíonn na daoine aonair seo gur féidir leis an gcóras parúil oibriú go han-rathúil.

Príosúnaigh ata faoi Mhíchumas Speisialta

Ón obair a dhéanaimid, is soiléir go bhfuil líon sách ard de phríosúnaigh aonair ann a thagann chun an phríosúin agus atá breoite i dtaobh na meabhrach de nó a dtagann breoiteacht orthu i ndiaidh príosúnachta. Daoine aonair iad grúpa amháin de phríosúnaigh sa chatagóir seo, atá faoi mhíchumas intleachtach nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. Bhí ar a laghad beirt daoine den saghas sin ann a d'athbhreithníomar anuraidh a molfaí parúl dóibh. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh, áfach, mar gheall gur theastaigh tacaíochtaí breise pobail ó na daoine aonair seo nach bhfuil ar fáil faoi láthair. Ba cheart teacht ar réiteach éigin do na ciontóirí seo amach anseo.

Chomh maith leis sin, tá grúpa níos mó de phríosúnaigh bhreacaosta ann, a bhfuil breoiteacht iolrach fhisiciúil orthu, óna dteastaíonn tacaíocht speisialtóra sa phobal má dheonaítear parúl dóibh, nach bhfuil ar fáil faoi láthair.

Tuairiscí Síciatracha

Ar uairibh, teastaíonn tuairiscí ón mBord ar phríosúnaigh ó Shíciatraí neamhspleách. Is soiléir ó na tuairiscí seo gur minic a bhíonn mórdheacracht ann chun taifid shíciatracha go léir na bpríosúnach a fháil, go háirithe ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Tá an tsaincheist seo ar siúl le cuid mhaith blianta agus teastaíonn réiteach ar an bhfadhb go práinneacha.

Athshlánú agus Ath-Imeascadh Ciontóirí

Tugann an chodarsnacht idir rátaí atitimeachais phríosúnach a bhfuil pianbhreitheanna saoil á gcaitheamh acu faoi phromhadh/mhaoirseacht pobail (41% le trí bliana anuas) agus iad siúd a scaoiltear gan na tacaíochtaí siúd (62% le trí bliana anuas), le fios go gcabhraíonn na tacaíochtaí breise atá ar fáil sa phobal le ciontóir chun dul i ngleic lena (h)iompar ciontaithe. Dá réir sin, tacaím go díocasach le moladh 26 den Athbhreithniú Straitéiseach ar an Tuarascáil ar Bheartas Pionósach ina luaitear "Molann an grúpa athbhreithnithe nach mór go mbíonn an deis ag gach ciontóir chun fáil a bheith acu ar aon seirbhísí nó cláir riachtanacha a chabhraíonn lena n-athshlánú agus a n-ath-imeascadh. Teastaíonn díriú athnuaite ar conas is fearr dul i ngleic le hathshlánú agus ath-imeascadh ciontóirí. Go háirithe, ní mór an tábhacht a bhaineann le seirbhísí cuí sóisialta a sholáthar, ar nós cóiríochta, oideachais agus oiliúna agus cóireáil andúile nó sainchomhairleoireachta a aithint. Ina leith seo, molann an Grúpa Athbhreithnithe go ndírítear níos mó ar chóiríocht oiriúnach a sholáthar, áiseanna céim síos san áireamh chun ath-imeascadh ciontóirí a éascú."

Baineann ríthábhacht le hiar-mhaoirseacht agus iar-thacaíocht d'fhonn nach gcuirfidh daoine aonair tús athuair le gníomhaíocht choiriúil nuair a fhilleann siad ar an bpobal agus baineann ríthábhacht leo, chomh maith leis sin, nuair a dheonaítear parúl do chiontóir.

Íospartaigh agus a dTeaghlaigh

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Scéim Ghinearálta an Bhille Ceartais Choiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2015. Anuas air sin, fáiltím roimh an bhforáil go bhféadfaí an t-íospartach agus a t(h)eaghlach a choimeád ar an eolas ar éisteachtaí agus ar chinntí gaolmhara an Bhoird Pharúil, nuair a iarrtar amhlaidh.

Sách minic, faigheann an Bord litreacha ó íospartaigh agus/nó óna dteaghlaigh sula ndéanaimid athbhreithniú ar phríosúnach ar leith. Go mion minic, nochtann na litreacha seo an phian agus an fhulaingt go léir a mbíonn íospartaigh thíos leo. Má bhaineann dúnmharú leis an gcás, tá go leor de na daoine muinteartha fós thíos le

tráma tromchúiseach agus fadhbanna meabhairshláinte go leor blianta i ndiaidh go bhfuair duine dá ndaoine muinteartha bás. Déanann Comhaltaí an Bhoird breithniú dian ar na litreacha seo sula mbaintear cinneadh amach.

Conclúid

Ní fhéadfaí tabhairt faoi obair an Bhoird Pharúil gan an chabhair shubstainteach a sholáthar Seirbhís Príosún na hÉireann, Gobharnóirí Príosún, Pearsanra Leighis, Síceolaithe, Oifigigh Phromhaidh, na Gardaí, Coistí Athbhreithnithe Príosúin, Séiplínigh Phríosúin, mar aon le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Soláthraithe Seirbhíse eile, ina measc réimse d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha. Is mian liom aitheantas foirmiúil a thabhairt agus mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach ceann de na soláthraithe seirbhíse as an ollchúnamh a thugann siad don Bhord.

Ar deireadh thiar, ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo Chomhbhaill den Bhord as ucht a ndianoibre agus a rannpháirtíochta mar chomhaltaí den Bhord Parúil. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí na Rúnaíochta as a rannchuidiú ollmhór i rith na bliana, a chuir feabhais shubstainteacha ar ár nósanna imeachta. Creidim gurb ionann obair an Bhoird Pharúil agus ról luachmhar a théann chun sochair phobal na bpríosún agus an phobail i gcoitinne.

John Costello

Cathaoirleach an Bhoird Pharúil

An 24 Samhain, 2015

Réamhrá

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Parúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna na bpríosúnach ar ar gearradh pianbhreitheanna téarma níos faide agus le comhairle a chur ar fáil i dtaca le riar na bpianbhreitheanna sin. Chuir an Bord tús lena oibríochtaí sa bhliain 2001. Is í seo an tríú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid an Bhoird Pharúil agus baineann sí le gníomhaíochtaí an Bhoird sa bhliain 2014.

Mar phrionsabal ginearálta, is iad cásanna na bpríosúnach atá ag fulaingt pianbhreitheanna atá ocht mbliana nó níos mó ar fad na cásanna amháin a ndéanann an Bord Parúil athbhreithniú orthu agus is gá go gcuireann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad ar dtús faoi bhráid an Bhoird. Sa ghnáthchúrsa, déanfaidh an Bord athbhreithniú ar chásanna príosúnach ar ar gearradh pianbhreith phríosúnachta 8 mbliana nó níos faide ach faoi bhun14 bliana, a luaithe a bhíonn leath den phianbhreith sin caite acu. I gcásanna príosúnach ar ar gearradh pianbhreith 14 bliana nó níos mó a fhad le pianbhreith saoil, déanfaidh an Bord athbhreithniú ar an gcás a luaithe a bhíonn 7 mbliana den phianbhreith caite acu.

Athbhreithniú ar 2014

Rinneadh 73 cás príosúnaigh a atreorú chuig an mBord lena n-athbhreithniú le linn 2014 agus tugadh cuireadh dóibh go léir páirt a ghlacadh sa phróiseas. Ghlac 36 príosúnach leis an gcuireadh, dhiúltaigh 8 bpríosúnach dó agus níor tugadh cinneadh faoi 29 cuireadh le bheith rannpháirteach. B'ionann an riar iomlán cásanna le haghaidh 2014 agus 339 cás – i.e. meascán de chásanna nua agus cásanna a bhain an dara céim athbhreithnithe nó céim ina dhiaidh sin amach. Baineadh dul chun cinn suntasach amach le linn na bliana maidir le cásanna níos sine a thabhairt chun críche. Is gnách go mbíonn an dara hathbhreithniú nó cinn ina dhiaidh sin ar bun ar bhonn bliantúil i gcás príosúnach atá ag caitheamh níos lú ná 10 mbliana i bpríosún agus laistigh de 2/3 bliana de ghnáth i gcásanna eile. Féadfaidh an ceathrú hathbhreithniú, an cúigiú hathbhreithniú agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin a bheith ar bun ar bhonn bliantúil sna cásanna cuí.

Le linn 2014, tháinig an Bord Parúil le chéile ar 11 ócáid agus rinne sé athbhreithniú ar 91 cás. Seoladh moltaí chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais in 86 de na

cásanna a athbhreithníodh. Ghlac an tAire na moltaí in 82 cás go hiomlán. Ghlac an tAire le ceithre chás faoi choinníoll nó go páirteach. Ag deireadh na bliana, ní raibh aon chinntí ar feitheamh. Rinne an Bord a Mholadh a chur siar in dhá chás ar feitheamh breis faisnéise. Rinneadh athbhreithniú faoi dhó ar dhá chás in 2014 agus rinneadh Athbhreithniú Breithiúnach ar chás amháin eile a chur srian ar an mBord ó mholadh a eisiúint don Aire. Cuireann beirt Chomhaltaí den Bhord gach príosúnach faoi agallamh a bhfuil a gcásanna á n-athbhreithniú den chéad uair. Ní i gcónaí a bhíonn gá le hagallamh maidir le príosúnaigh a bhfuil a gcásanna á meas maidir leis an dara hathbhreithniú nó le hathbhreithniú ina dhiaidh sin ach measfaidh an Bord uaireanta go bhfuil agallamh ar leas an phríosúnaigh. Le linn 2014, chuir Baill an Bhoird faoi agallamh 35 príosúnach a raibh athbhreithniú á dhéanamh ar a gcásanna ag an mBord den chéad uair. Cuireadh 42 príosúnach eile faoi agallamh mar chuid den dara hathbhreithniú nó d'athbhreithniú ina dhiaidh sin ar a gcás.

D'fhonn feasacht a mhúscailt ar phróiseas an Bhoird Pharúil, rinne an Cathaoirleach agus Comhaltaí den Bhord cur i láthair os comhair príosúnach i gceithre phríosún. Ba é an cuspóir a bhí leis na láithreoireachtaí cabhrú leis na príosúnaigh maidir leis an tuiscint atá acu ar phróiseas an Bhoird Pharúil. Ag deireadh an chuir i láthair, tugadh cuireadh do na príosúnaigh aiseolas a thabhairt ar a gcuid tuairimí i leith an phróisis Pharúil agus spreagadh iad páirt a ghlacadh i seisiún Ceisteanna agus Freagraí. Chuir an Bord fáilte roimh an aiseolas a chuir na príosúnaigh ar fáil dó agus, bunaithe ar an aiseolas sin, rinne sé roinnt athruithe ar an ngné riaracháin den phróiseas. Le linn 2015, tá sé ar intinn ag an mBord leanúint ar aghaidh lena chlár láithreoireachtaí do phríosúnaigh sna príosúin eile ar fud na tíre. Tá sé beartaithe ag an mBord próiseas leanúnach a bheidh ar siúl gach dhá bhliain a dhéanamh den chur i láthair sin.

Ba mhaith leis an mBord Parúil a admháil nach mbeadh sé ábalta a fheidhm a chomhlíonadh in éagmais an ardleibhéil chomhoibrithe ó Sheirbhís Príosún na hÉireann, ón tSeirbhís Phromhaidh, ón tSeirbhís Síceolaíochta Príosún agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. De bhreis air sin, tugann gníomhaireachtaí eile agus Séiplínigh Phríosúin cúnamh don Bhord i gcásanna aonair. Tá an Bord thar a bheith buíoch den chúnamh a thug na seirbhísí uile seo.

Faisnéis Airgeadais

Leithdháileadh buiséad €335,000 ar an mBord Parúil don bhliain 2014. B'ionann an caiteachas iarbhír sa bhliain agus €340,000. B'ionann an pá agus thart ar 71% de chaiteachas an Bhoird. Ba é an limistéar eile ba shuntasaí caiteachais ná táillí na gComhaltaí den Bhord, arbh ionann seo agus 26% den bhuiséad iomlán.

Íoctar táille €11,970 in aghaidh na bliana leis an gCathaoirleach. Mar aon le táille bhliantúil €7,695, íoctar táille per diem €149.75 in aghaidh an agallaimh phríosúin le comhaltaí as a bheith ag tabhairt faoi agallaimh le príosúnaigh. Ní íoctar táillí le comhaltaí de bhrí oifige. Déantar íocaíochtaí taistil agus cothaithe i gcomhréir le Treoirlínte na Státseirbhíse.

Comhaltacht an Bhoird Pharúil

An tUasal John Costello	Cathaoirleach – Aturnae
An tUasal Willie Connolly	Ar Scor, Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS)
An tUasal Ciairín de Búis	Stiúrthóir, Start Strong
An tUasal, Mick Duff	Comhordaitheoir Thionscadal Cóireála agus Athshlánaithe Drugaí Naomh Aonghus
An tUasal Vivian Geiran	Stiúrthóir, an tSeirbhís Phromhaidh
An tUasal Ray Kavanagh	Múinteoir Scoile Náisiúnta ar Scor
An tUasal Gerry McDonagh	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An tUasal Shane McCarthy	Aturnae
An tUasal Nora McGarry	Síciteiripeoir / Comhairleoir
An Dr Michael Mulcahy	Síciatraí Comhairleach
An tUasal Brian Murphy	Stiúrthóir Oibríochtaí, Seirbhís Príosún na hÉireann (a fhad le Meán Fómhair 2014)
An tUasal Eddie Rock	Coimisinéir Cúnta ar Scor, an Garda Síochána

Comhaltaí Mhalartacha

An tUasal Brian Dack	An tSeirbhís Phromhaidh
An tUasal Martin Smyth	Seirbhís Príosún na hÉireann

Aguisín A (i)

Cásanna a Atreoraíodh chuig an mBord - 2014

	Líon na gCásanna	%
Cásanna a Atreoraíodh chuig an mBord lena nAthbhreithniú	73	100
Glacadh leis an gCuireadh le bheith Rannpháirteach	36	49.32
Diúltaíodh an Cuireadh le bheith Rannpháirteach	8	10.96
Níor tugadh Freagra ar an gCuireadh le bheith Rannpháirteach	29	39.73

Aguisín A (ii)

Cásanna a Atreoraíodh – Comparáid Bhliantúil

	2010	2011	2012	2013	2014
Cásanna a Atreoraíodh chuig an mBord lena nAthbhreithniú	66	65	66	68	73
Glacadh leis an gCuireadh le bheith Rannpháirteach	48	45	44	47	36
Diúltaíodh an Cuireadh le bheith Rannpháirteach	16	10	17	13	8
Níor tugadh Freagra ar an gCuireadh le bheith Rannpháirteach	2	10	5	8	29

Aguisín B (i)		
Riar Cásanna 2014		
	Líon na gCásanna	%
Cásanna a Atreoraíodh chuig an mBord lena nAthbhreithniú	73	21.5
Cásanna a Tugadh Anonn*	266	78.5
Riar Cásanna Iomlán	**339**	**100**

*Tagraíonn seo do chásanna a bhfuil céimeanna éagsúla bainte amach acu

Aguisín B (ii)					
Riar Cásanna Iomlán – Comparáid Bhliantúil					
	2010	**2011**	**2012**	**2013**	**2014**
Cásanna a Atreoraíodh chuig an mBord lena nAthbhreithniú	66	65	66	68	73
Cásanna a Tugadh Anonn	195	140	202	261	266
Iomlán	**261**	**205**	**268**	**329**	**339**

Aguisín C (i)

Agallaimh le Príosúnaigh 2014

Institiúid	Líon na bPríosúnach	%
Cnoc an Arbhair	15	19.0
An Caisleán Riabhach	7	9.0
Príosún Chorcaí	3	4.0
Ionad Dóchas	4	5.0
Príosún Luimnigh	1	1.0
Teach an Locháin	5	6.0
An Príosún Lár Tíre	21	27.0
Príosún Mhuinseo	4	5.0
Príosún Phort Laoise	1	1.0
Mainistir Shelton	1	1.0
An tAonad Oiliúna	4	5.0
Páirc na Cruithneachta	11	14.0
Iomlán	**77**	**100**

Aguisín C (ii)

Agallaimh le Príosúnaigh – Comparáid Bhliantúil

Institiúid	Líon na bPríosúnach				
	2010	2011	2012	2013	2014
Cnoc an Arbhair	7	9	21	21	15
An Caisleán Riabhach	10	6	6	15	7
Príosún Chorcaí	2	2	1	1	3
Ionad Dóchas	2	1	2	2	4
Príosún Luimnigh	1	4	1	2	1
Teach an Locháin	1	0	0	0	5
An Príosún Lár Tíre	8	11	15	18	21
Príosún Mhuinseo	4	12	6	6	4
Príosún Phort Laoise	4	5	2	6	1
Mainistir Shelton	3	1	0	4	1
An tAonad Oiliúna	4	3	5	14	4
Páirc na Cruithneachta	12	12	14	6	11
Iomlán	**58***	**66**	**73**	**95**	**77**

* Cuireadh Príosúnach amháin faoi agallamh faoi dhó - i.e. líon iomlán na bpríosúnach a cuireadh faoi agallamh: 59

Aguisín D (i)

Anailís Chiona ar Chásanna inar Glacadh le Cuireadh le bheith Rannpháirteach in 2014

Cion	Líon na bPríosúnach	%
Dúnmharú	17	47.2
Dúnorgain	0	0.0
Cionta Gnéasacha	7	19.4
Cionta Eile in Aghaidh an Duine	2	5.6
Cionta Drugaí	1	2.8
Robáil/Goid	3	8.3
Buirgléireacht/Trombhuirgléireacht	4	11.1
Príosúnacht Neamhdhleathach	0	0.0
Cionta Eile	2	5.6
Iomlán	**36**	**100**

Aguisín D (ii)

Anailís Chiona ar Chásanna – Comparáid Bhliantúil

Líon na bPríosúnach

Cion	2010	2011	2012	2013	2014
Dúnmharú	20	19	17	13	17
Dúnorgain	3	1	2	7	0
Cionta Gnéasacha	9	11	13	9	7
Cionta Eile in Aghaidh an Duine	3	1	4	5	2
Cionta Drugaí	1	5	3	3	1
Robáil/Goid	5	3	1	3	3
Buirgléireacht/Trombhuirgléireacht	3	0	1	2	4
Príosúnacht Neamhdhleathach	1	1	2	1	0
Cionta Eile	3	4	1	4	2
Iomlán	**48**	**45**	**44**	**47**	**36**

Aguisín E (i)

Anailís ar Fhad Pianbhreitheanna i gCásanna inar Glacadh le Cuireadh le bheith Rannpháirteach in 2014

Fad na bPianbhreitheanna	Líon na bPríosúnach	%
8 mBliana	5	14
8 mBliana ach níos lú ná 10 mBliana	5	14
10 mBliana ach níos lú ná 12 Bhliain	3	8
12 Bhliain ach níos lú ná 14 Bliana	1	3
14 Bliana ach níos lú ná 16 Bliana	3	8
16 Bliana ach níos lú ná 18 mBliana	0	0
18 mBliana nó níos faide	1	3
Saol	18	50
Iomlán	**36**	**100**

Aguisín E (ii)

Anailís ar Fhad Pianbhreitheanna – Comparáid Bhliantúil
Líon na bPríosúnach

Fad na bPianbhreitheanna	2010	2011	2012	2013	2014
8 mBliana	14	9	9	9	5
8 mBliana ach níos lú ná 10 mBliana	9	9	9	14	5
10 mBliana ach níos lú ná 12 Bhliain	1	1	6	5	3
12 Bhliain ach níos lú ná 14 Bliana	0	1	1	0	1
14 Bliana ach níos lú ná 16 Bliana	1	4	1	4	3
16 Bliana ach níos lú ná 18 mBliana	0	0	0	0	0
18 mBliana nó níos faide	0	1	1	1	1
Saol	23	20	17	14	18
Iomlán	**48**	**45**	**44**	**47**	**36**

Aguisín F (i)

Moltaí a rinneadh don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

- 2014

	Líon	%
Glacadh leis na Moltaí go hIomlán	82	90
Glacadh leis na Moltaí ar Choinníoll nó go Páirteach	4	4
Níor Glacadh leis na Moltaí	0	0
Cuireadh an Moladh Siar *	5	5
Cinntí an Aire ar Feitheamh	0	0
Iomlán	91	**100**

Rinne an Bord a Mholadh a chur siar in dhá chás ar feitheamh breis faisnéise. Rinneadh athbhreithniú faoi dhó ar dhá chás bhreise in 2014 agus rinneadh moltaí ina dhiaidh sin. Rinneadh Athbhreithniú Breithiúnach ar chás amháin eile a chur srian ar an mBord ó mholadh a eisiúint don Aire.

Aguisín F (ii)

Moltaí a rinneadh don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Comparáid Bhliantúil

	2010	2011	2012	2013	2014
Glacadh leis na Moltaí go hIomlán	72	85	57	75	82
Glacadh leis na Moltaí ar Choinníoll nó go Páirteach	4	1	5	9	4
Níor Glacadh leis na Moltaí	1	0	2	0	0
Tugadh na Moltaí faoi Deara	1	0	0	0	0
Cuireadh na Moltaí Siar	0	1	0	1	5*
Scaoilte ar Loghadh sula nDéanfar Cinneadh	1	1	0	0	0
Cinntí an Aire ar Feitheamh	0	1	27	11	0
Iomlán	**79**	**89**	**91**	**95**	**91**

Rinne an Bord a Mholadh a chur siar in dhá chás ar feitheamh breis faisnéise. Rinneadh athbhreithniú faoi dhó ar dhá chás bhreise in 2014 agus rinneadh moltaí ina dhiaidh sin. Rinneadh Athbhreithniú Breithiúnach ar chás amháin eile a chur srian ar an mBord ó mholadh a eisiúint don Aire.